Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13261/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0214(COD)**

CODEC 1440
AVIATION 238
COVID-19 156
PE 119

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle maidir le díolúine shealadach ó na rialacha maidir le húsáid sliotán in aerfoirt an Chomhphobail i ngeall ar phaindéim COVID-19<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg,an 3 - 6 Deireadh Fómhair 2022) |

## I. RÉAMHRÁ

Tar éis do Pharlaimint na hEorpa formheas a dhéanamh ar an iarraidh ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) leanúint ar aghaidh de réir Riail 163 (nós imeachta práinne) an 4 Deireadh Fómhair 2022, chuir grúpaí EPP, S&D, Renew agus Na Glasaigh/SCE leasú amháin isteach (leasú 1). Níor cuireadh aon leasuithe eile i láthair.

## II. VÓTÁIL

Ghlac an seisiún iomlánach leasú 1 ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin ag an vóta a caitheadh an 6 Deireadh Fómhair 2022, agus ghlac sé ansin an togra agus an leasú sin air sa vótáil chríochnaitheach aige.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[1].

---

[1] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

## P9_TA(2022)0348

## Rialacha maidir le húsáid sliotán in aerfoirt an Aontais: díolúine shealadach ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Deireadh Fómhair 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle maidir le díolúine shealadach ó na rialacha maidir le húsáid sliotán in aerfoirt an Chomhphobail i ngeall ar phaindéim COVID 19 (COM(2022)0334 – C9-0225/2022 – 2022/0214(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0334),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0225/2022),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 22 Meán Fómhair 2022[2],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[2] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**P9_TC1-COD(2022)0214**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 6 Deireadh Fómhair 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine shealadach ó na rialacha maidir le húsáid sliotán in aerfoirt an Aontais i ngeall ar staid eipidéimeolaíoch nó fogha míleata**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[4],

[3] Tuairim an 22 Meán Fómhair 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[4] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Deireadh Fómhair 2022.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh leasú ar Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle[5] roinnt uaireanta ó cuireadh tús le géarchéim COVID-19 ós rud é, maidir leis an gceanglas a shocraítear leis an Rialachán sin chun 80 % den tsraith sliotán a oibriú chun an ceart chun an tsraith sliotán chéanna sa chéad tréimhse sceidealaithe choibhéiseach eile a choinneáil ar bun, gur tháinig sé chun a bheith neamh-inbhuanaithe d'aeriompróirí i bhfianaise leibhéil aerthráchta a bhí laghdaithe go mór.

(2) Léirítear le figiúirí a d'fhoilsigh Eurocontrol, arb é an bainisteoir líonra d'fheidhmeanna líonra aerthráchta an aerspáis Eorpaigh aonair é, go bhfuil téarnamh mór tagtha ar an aerthrácht ó thús thréimhse sceidealaithe shamhradh 2022 agus meastar go mbeidh an t-aerthrácht ag tús thréimhse sceidealaithe gheimhreadh 2022/2023 thart ar 90 % de leibhéil 2019 faoin mbonnfhaisnéis. Leis na figiúirí sin tugtar bonn cirt chun an tairseach úsáide sliotán 80 % a athbhunú mar riail ghinearálta ***do thréimhse sceidealaithe shamhradh 2023***, mar aon le maolú sonrach ar úsáid sliotán i gcás neamhúsáid sliotán a bhfuil údar maith leo.

(3) Mar sin féin, mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, tá an staid in earnáil na heitlíochta fós an-éiginnte. Mar a tharla ag deireadh 2021, is féidir le hathraithigh nua COVID-19 teacht chun cinn agus a bheith ina gcúis le freagairtí láithreacha ó údaráis náisiúnta agus ó thomhaltóirí a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar aerthrácht. Thairis sin, leanann bearta sláintíochta lena gcuirtear isteach go mór ar aerthrácht de bheith ag cur isteach go mór ar mhargaí cianaistir áirithe.

(4) Tá tionchar ag ***cogadh*** foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar aerthrácht agus ar chumas aeriompróirí a gcuid sliotán a oibriú freisin ós rud é go bhfuil cosc ar aeriompróirí an Aontais dul isteach in aerspás na Bealarúise, na Rúise agus na hÚcráine.

---

[5] Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 maidir le comhrialacha do leithroinnt sliotán in aerfoirt an Chomhphobail (IO L 14, 22.1.1993, lch. 1).

(5) Níl aon smacht ag aeriompróirí ar shrianta taistil arna bhforchur ag an Stát ar chúiseanna sláintíochta agus ar an dodhéantacht a bhaineann le dul isteach san aerspás ar limistéar cogaidh anois. Mar thoradh ar na himthosca sin, d'fhéadfadh cealú deonach nó éigeantach a gcuid aersheirbhísí nó coigeartú sceideal tarlú. Go háirithe, le cealuithe deonacha, cosnaítear sláinte airgeadais aeriompróirí agus seachnaítear, an tráth céanna, tionchar diúltach comhshaoil mar thoradh ar eitiltí nach n- oibrítear ach chun sliotáin na n-aeriompróirí a choinneáil.

(6) Faoi na himthosca sin, maidir le haeriompróirí a mainníonn orthu a gcuid sliotán a úsáid i gcomhréir leis an ráta úsáide sliotán ▌ a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 95/93, níor cheart go ***gcaillfidís*** an tosaíocht go huathoibríoch ***i leith shraith na sliotán,*** a leagtar síos in Airteagail 8(2) agus 10(2) den Rialachán sin, ar tosaíocht í a mbainfidís leas as murach sin. ***Ba cheart*** rialacha sonracha ▌ chuige sin ***a bhunú leis an Rialachán seo***.

(7) Ag an am céanna, tá sé tábhachtach cuspóirí Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 a mheabhrú, eadhon úsáid éifeachtúil acmhainne aerfoirt a áirithiú agus rochtain chothrom ag na haeriompróirí uile ar acmhainn aerfoirt theoranta a áirithiú agus, dá bhrí sin, iomaíocht a chur chun cinn. Ba cheart coigeartú na ngnáthcheanglas úsáide sliotán trí ráta úsáide níos ísle nó trí eisceachtaí maidir le neamhúsáid a bhfuil bonn cirt leo a bheith teoranta go docht ar chásanna ina bhfuil gá le díolúine sliotán agus níor cheart buntáistí iomaíocha éagóracha a bheith ag na haeriompróirí sin a bhfuil sliotáin stairiúla acu mar thoradh orthu.

(8) Go háirithe, tá gá lena áirithiú go gceadófar d'aeriompróirí atá toilteanach seisbhísí a chur ar fáil gabháil d'acmhainneacht neamhúsáidte agus go mbeidh an t-ionchas acu sliotáin den sórt sin a choinneáil san fhadtéarma. Ba cheart go gcoinneodh sé sin dreasachtaí na n-aeriompróirí chun úsáid a bhaint as acmhainneacht aerfoirt, rud a rachadh chun tairbhe do thomhaltóirí i dtéarmaí nascachta.

(9) Is gá, dá bhrí sin, i gcomhréir leis na prionsabail sin agus ar feadh tréimhse theoranta, na coinníollacha a leagan síos faoina leanfaidh aeriompróirí ar aghaidh de bheith i dteideal sraith sliotán faoi Airteagail 8(2) agus 10(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93, agus ceanglais a bhunú d'aeriompróirí lena mbaineann ar mhaithe le hacmhainneacht neamhúsáidte a scaoileadh. Ba cheart don tréimhse rith ón ***30*** Deireadh Fómhair 2022 go dtí an ***28 Deireadh Fómhair 2023*** i gcomhréir le réamhaisnéis téarnaimh Eurocontrol.

(10) Le linn na tréimhse sin, ba cheart an sainmhíniú ar an téarma 'iontrálaí nua' a bheith leathan i gcónaí chun líon na n-aeriompróirí atá cumhdaithe a mhéadú, agus ar an gcaoi sin an deis a thabhairt do níos mó aeriompróirí a gcuid oibríochtaí a bhunú agus a leathnú.

(11) Ón ***30*** Deireadh Fómhair 2022 go dtí an ***28 Deireadh Fómhair 2023***, leis an gcóras leithroinnte sliotán, ba cheart aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí na n-aeriompróirí a rinne eitiltí a oibriú trí úsáid a bhaint as sliotáin atá ina gcuid de shraith a bhfuil aeriompróir eile ina teideal faoi Airteagail 8(2) agus 10(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93, ach a cuireadh ar fáil don chomhordaitheoir sliotán le haghaidh ath-leithroinnt sealadach. Ba cheart, dá bhrí sin, tosaíocht a thabhairt d'aeriompróirí a rinne ar a laghad ▌ cúig shliotán de shraith a oibriú ci gcás leithroinnt na sraitheanna sin sa chéad tréimhse sceidealaithe coibhéisí eile, faoi réir an acmhainneacht aerfoirt atá ar fáil.

(12) Chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ***chogadh*** foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus chun tacú le téarnamh nascachta idir an tAontas agus an Úcráin, is gá síneadh a chur leis an tréimhse inar féidir le hoibreoirí brath ar an gcúis a leagtar amach in Airteagal 10(4), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 chun údar maith a thabhairt do neamhúsáid na sraithe sliotán ar na bealaí idir an tAontas agus an Úcráin.

(13) Gan dochar d'oibleagáid na mBallstát dlí an Aontais a chomhlíonadh, go háirithe na rialacha a leagtar síos sna Conarthaí agus i Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], ní féidir iarmhairtí diúltacha ar chumas paisinéirí taisteal a dhéanamh de dheasca srianta féideartha arna nglacadh ag údaráis phoiblí na mBallstát nó tríú tíortha atá ag dul i ngleic le staideanna eipidéimeolaíocha, tubaistí nádúrtha nó corraíl pholaitiúil, ***amhail éirí amach, círéibeacha nó droch-neamhord poiblí,*** a chur i leith aeriompróirí agus ba cheart iad a mhaolú i gcás ina mbeadh tionchar mór ag na bearta sin ar an inmharthanacht nó ar an bhféidearthacht taistil nó ar an éileamh ar na haerbhealaí lena mbaineann. Ba cheart a áirithiú le bearta maolaithe nach ngearrfar pionós ar aeriompróirí a mainníonn orthu úsáid a bhaint as sliotáin i gcás ina bhfuil an an mhainneachtain sin mar thoradh ar shrianta den sórt sin.

(14) Chun an baol a bhaineann le saobhadh iomaíochta a laghdú agus chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as acmhainneacht aerfoirt, ba cheart tréimhse agus raon feidhme teoranta a bheith le díolúine shonrach ó éifeachtaí a bheadh ag forchur na srianta sin, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go ndéanfar tionchar na mbeart maolaithe a theorannú don tréimhse ina mbeidh bonn cirt leo. Ba cheart na sliotáin a chumhdaítear le ***bearta*** den sórt sin ***lena maolófar éifeacht*** na srianta ***a mheas a bheith á n-oibriú chun críche Rialachán (CEE) Uimh. 95/93.***

---

6 Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (IO L 293, 31.10.2008, lch. 3).

(15) Is gá a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag na forálacha maidir le neamhúsáid eisceachtaí sliotán i leith aeriompróirí atá faoi réir bearta srianta arna nglacadh de bhun ***Airteagal 29 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) nó*** Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), nó i leith aeriompróirí atá faoi réir toirmisc oibríochta laistigh den Aontas a liostaítear in Iarscríbhinn A nó B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún[7]. Chun cur i bhfeidhm éifeachtach na mbeart sin a áirithiú, i bhfianaise nach féidir na forálacha i leith neamhúsáid eisceachtaí sliotán a bhfuil bonn cirt leo a agairt, ba cheart iad a chur i bhfeidhm freisin maidir le haeriompróirí is ábhar cheana féin do bhearta sriantacha den sórt sin atá i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(16) Ba cheart an comhar idir comhordaitheoirí a neartú chun cur chun feidhme aonfhoirmeach Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 a áirithiú ar fud an Aontais.

***(17) Ba cheart do na comhordaitheoirí dea-chleachtais a mhalartú maidir le cur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 95/93, lena n-áirítear trí*** Chomhlachas Comhordaitheoirí Aerfoirt na hEorpa (EUACA). ***Moltar*** do EUACA ***leanúint de*** threoir ***a eisiúint*** chun cur chun feidhme comhchuibhithe rialacha an Aontais a áirithiú, go háirithe maidir leis an bhforáil i ndáil leis na srianta a mhaolú. ***Thairis sin, cibé*** acu a chuirtear nó nach gcuirtear an maolú i bhfeidhm, is píosa tábhachtach faisnéise é d'aeriompróirí agus a sceidil á bpleanáil acu. Dá bhrí sin, is gá cumarsáid thrédhearcach ó na comhordaitheoirí a áirithiú.

---

[7] Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 84, 23.3.2006, lch. 14).

(18) Cé gur cheart bearta lena maolófar na srianta a léirthuiscint go docht ós rud é gurb ionann iad agus eisceacht ó na gnáthcheanglais maidir le húsáid sliotán, i ndálaí áirithe ba cheart a bheith in ann gníomhaíocht choiteann a cheangal ar gach comhordaitheoir chun cothrom na Féinne a áirithiú ar fud an Aontais. Faoi choinníollacha áirithe agus bunaithe ar chinneadh d'aon toil, ***ba cheart*** do chomhordaitheoirí ***a bheith in ann*** an fhoráil sin a chur i bhfeidhm maidir leis na sliotáin go léir a choinnítear ag aerfoirt chomhordaithe.

***(19) Tá tionchar diúltach ag éiginnteacht maidir le héabhlóid géarchéimeanna éagsúla, go háirithe ar an staid san Úcráin agus ar ghéarchéim COVID-19, ar stóinseacht na réamhaisnéisí tráchta do thréimhse sceidealaithe gheimhreadh 2022/23. Dá bhrí sin, ba cheart aeriompróirí a scaoileadh, a mhéid is gá, ó na ceanglais maidir le sliotáin a oibriú chun an ceart chun na sliotáin chéanna a choinneáil sa chéad tréimhse sceidealaithe choibhéiseach eile. Chuirfeadh sé sin ar chumas aeriompróirí soláthar seirbhísí a mhéadú nuair is féidir sin, d'fhonn na rialacha rialta maidir le hoibriú sliotán ó thréimhse sceidealaithe shamhradh 2023 a chur i bhfeidhm, faoi réir na n-oiriúnuithe sin arna ndéanamh ag an gCoimisiún in imthosca sonracha chun freagairt do dhúshláin áirithe don earnáil aeriompair.***

(20) Chun aghaidh a thabhairt ar thionchar athraitheach ghéarchéim COVID-19 ***nó ar staideanna eipidéimeolaíocha eile, chomh maith le tionchar tubaisteach díreach chogadh*** foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar an aerthrácht agus chun tacú le nascacht go dtí, nó, ón Úcráin, agus chun freagairt go solúbtha, i gcás ina bhfuil fíor-ghá agus bonn cirt leis sin, ar na dúshláin atá os comhair earnáil an aeriompair mar thoradh air sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 ***CFAE*** a tharmligean don Choimisiún i ndáil le luachanna céatadáin an íosráta úsáide a leasú laistigh de raon áirithe agus laistigh d'aon tréimhse sceidealaithe laistigh den tréimhse ón ***30 Deireadh Fómhair 2022***go dtí an ***28 Deireadh Fómhair 2023***i gcomhréir le réamhaisnéis téarnaimh Eurocontrol agus i ndáil le luachanna céatadáin an íosráta úsáide a leasú laistigh de raon áirithe ar na bealaí idir an tAontas agus an Úcráin agus i gcás aon tréimhse sceidealaithe ón 30 Deireadh Fómhair 2022 go dtí ***28 October 2023***. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[8]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

8 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(21) Ní mór d’aerfoirt, do sholáthraithe aersheirbhísí agus d’aeriompróirí faisnéis a bheith acu maidir leis an acmhainneacht atá ar fáil chun críche pleanála leormhaithe. Ba cheart d’aeriompróirí leanúint d’aon sliotán nach bhfuil sé beartaithe acu a úsáid a chur ar fáil don chomhordaitheoir le haghaidh leithroinnt fhéideartha ar aeriompróirí eile a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 3 seachtaine roimh an dáta atá pleanáilte dá n-oibriú. I gcás ina mainníonn ar aeriompróirí an ceanglas ***sin*** a chomhlíonadh arís agus arís eile, níor cheart dóibh tairbhe a bhaint as aon ráta laghdaithe maidir le hoibriú sliotán.

(22) I gcás ina bhfuil comhordaitheoir sásta go bhfuil deireadh curtha ag aeriompróir le hoibríochtaí ag aerfort, ba cheart don chomhordaitheoir na sliotáin a tharraingt siar ón aeriompróir i dtrácht agus iad a chur i gcomhthiomsú lena n-ath-leithroinnt ar iompróirí eile.

(23) D’fhéadfadh blocáil gan údar ar shliotáin ag aerfoirt an Aontais a bheith mar thoradh ar an toirmeasc ar aeriompróirí eitilt isteach in aerspás an Aontais agus bearta sriantacha arna nglacadh de bhun ***Airteagal 29 CAE nó Airteagal 215 CFAE*** nó toirmeasc oibríochta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 á gcur i bhfeidhm ina leith. Cé gur féidir sliotáin a d’úsáid na haeriompróirí sin a ath-leithroinnt ar bhonn *ad hoc* le linn na tréimhse sceidealaithe, ní leor an ***spreagadh*** sin d’úsáid éifeachtúil sliotán a chumasóidh d’aerlínte iomaíocht agus nascacht fhadtéarmach a mhéadú ar mhaithe le tomhaltóirí. Ba cheart, dá bhrí sin, na sliotáin a tharraingt siar láithreach ó na haeriompróirí lena mbaineann láithreach.

(24) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon rialacha sonracha agus an díolúine ó na rialacha ginearálta maidir le húsáid sliotán ar feadh tréimhse theoranta ama a shuíomh chun éifeachtaí géarchéime ***eipidéimeolaíche*** agus ***chogadh*** foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ***go háirithe*** ar aerthrácht a mhaolú, a ghnóthú go leordhóthanach, agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(25) I bhfianaise na práinne atá i gceist leis na himthosca eisceachtúla a bhaineann le géarchéim COVID-19 agus ***cogadh*** foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, meastar gurb iomchuí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine a agairt dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

(26) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 mar a leanas:

(1) ***Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:***

***(a)*** ***i*** bpointe (ba), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'le linn na tréimhse ***ón 30 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2023***, ciallóidh "iontrálaí nua":';

***(b) i bpointe (f), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):***

***'ciallóidh 'aeriompróir' gnóthas aeriompair a bhfuil ceadúnas bailí oibríochta nó a choibhéis aige an 31 Eanáir ar a dhéanaí don tréimhse sceidealaithe samhraidh ina dhiaidh sin nó an 31 Lúnasa don tréimhse sceidealaithe gheimhridh dá éis sin; chun críoch Airteagail 4, 8, 8a, 10 agus 10a, áireofar freisin sa sainmhíniú ar aeriompróir oibreoirí eitlíochta gnó, nuair a oibríonn siad de réir sceidil; chun críocha Airteagail 7 agus 14, beidh gach oibreoir aerárthaí sibhialta ar áireamh sa sainmhíniú ar aeriompróir;';***

(2) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 2, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'***2.*** 'Gan dochar d'Airteagail 7, 8a ná 9, Airteagal 10(1) ná Airteagal (14), ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:';

(b) i mír 2a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘***2a.*** ‘Le linn na tréimhse ***ón 30 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2023,*** agus faoi réir acmhainneacht a bheith ar fáil ag an aerfort, déanfar sraith sliotán a chuirfear ar ais sa chomhthiomsú sliotán i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo ag deireadh na tréimhse sceidealaithe (‘an tréimhse sceidealaithe thagartha’) a leithroinnt, arna iarraidh sin, don chéad tréimhse sceidealaithe choibhéiseach eile, ar aeriompróir a d’oibrigh ar a laghad cúig shliotán den tsraith sin tar éis chur i bhfeidhm Airteagal 10a(7) le linn na tréimhse sceidealaithe thagartha.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6a:

‘6a. Laistigh den tréimhse ar lena linn a bheidh feidhm ag paraiméadair chomhordaithe COVID-19 agus chun cur i bhfeidhm cuí paraiméadair chomhordaithe den sórt sin a chumasú, féadfaidh an comhordaitheoir***, tar éis dó an aeriompróir lena mbaineann a éisteacht,*** amchlár sliotán iarrtha nó leithroinnte a thagann faoin tréimhse ***ón 30 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2023*** a leasú nó iad a chur ar cheal ▌. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh an comhordaitheoir na rialacha agus treoirlínte breise dá dtagraítear i mír 5 san áireamh, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos iontu.’;

(3) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) ***scriostar*** mír 2a;

(b) leasaítear mír 4 mar seo a leanas:

(i) leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) imeachtaí breithiúnacha a bhaineann le hAirteagal 9 ***den Rialachán seo*** a chur i bhfeidhm maidir le bealaí a bhfuil oibleagáidí seirbhíse poiblí forchurtha ina leith de réir Airteagal 4 de Rialachán (CEE) Uimh. 2408/92 agus ar a mbeidh, mar thoradh, fionraí shealadach ar bhealaí den saghas sin a oibriú.’;

scriostar pointe (e);

(ii) scriostar an dara, an tríú, an ceathrú agus an cúigiú fomhír;

(iii) cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘I gcás ina ndéanfaidh tionchar ***chogadh*** foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus scriosadh bonneagair chriticiúil difear don chumas aersheirbhísí a sholáthar, chomh maith leis an éileamh ar aersheirbhísí, cuirfidh comhordaitheoirí an chéad fhomhír, pointe (a), i bhfeidhm ar na bealaí idir an tAontas agus an Úcráin ar feadh fad tréimhse dhúnadh an aerspáis nó dhúnadh an aerfoirt***, cibé acu is déanaí a tharlóidh,*** agus ar feadh tréimhse bhreise 16 seachtaine. Cuirfidh an comhordaitheoir dáta tosaigh agus dáta deiridh na tréimhse 16 seachtaine in iúl don Choimisiún.***’;***

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘4a. Ina theannta sin, le linn na tréimhse ***ón 30 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2023***, d’fhéadfadh údar a bheith le neamhúsáid sliotán ***chun críoch mhír 4*** de dheasca srianta, arna dtabhairt isteach ag na húdaráis phoiblí, a bhfuil sé i gceist leo dul i ngleic le mórstaid eipidéimeolaíoch, tubaiste nádúrtha nó corraíl pholaitiúil ag ceann scríbe amháin de bhealach a raibh sé i gceist nó beartaithe an sliotán i dtrácht a oibriú, ar choinníoll go mbeadh tionchar mór ag na ***srianta*** sin ar an bhféidearthacht taistil**,** nó ar an éileamh ar thaisteal, agus go bhféadfadh, ar na bealaí lena mbaineann, aon cheann de na nithe seo a leanas a bheith mar thoradh ar na srianta:

(a) an teorainn, an t-aerfort nó an t-aerspás a bheith dúnta i bpáirt nó go hiomlán le linn cuid shubstaintiúil den tréimhse sceidealaithe ábhartha;

(b) dianbhac ar chumas paisinéirí taisteal le haon iompróir ar an mbealach díreach sin le linn cuid shubstaintiúil den tréimhse sceidealaithe ábhartha, mar shampla, i gcás ina mbeadh an bac nasctha le haon cheann de na cúiseanna seo a leanas:

– srianta taistil bunaithe ar náisiúntacht nó áit chónaithe, toirmeasc ar gach taisteal seachas taisteal bunriachtanach, nó toirmeasc ar eitiltí ó thíortha nó limistéir gheografacha áirithe nó chucu,

– srianta gluaiseachta, nó bearta coraintín nó leithlisithe, laistigh den tír nó réigiún ina bhfuil aerfort an chinn scríbe lonnaithe (lena n-áirítear pointí idirmheánacha), mura féidir coraintín a sheachaint le tástáil dhiúltach, cruthúnas téarnaimh nó cruthúnas vacsaínithe arna aithint ag an Aontas,

– srianta ar infhaighteacht na seirbhísí atá bunriachtanach chun tacú go díreach le hoibriú aersheirbhíse, lena n-áirítear seirbhísí fáilteachais agus seirbhísí poiblí a dhúnadh, lena n-áirítear iompar, arb é a bheidh mar thoradh orthu géarchor chun donais ar éileamh ag ceachtar de dá cheann an bhealaigh,

– teorainneacha ar líon na bpaisinéirí in aghaidh na heitilte agus ar mhinicíochtaí in aghaidh an aeriompróra arb é a bheidh mar thoradh orthu géarchor chun donais ar éileamh ag ceachtar ceann den bhealach;

(c) srianta ar ghluaiseachtaí criú aerlíne a chuireann isteach go mór ar oibriú aersheirbhísí ó aerfoirt a bhfreastalaítear orthu nó chucu, lena n-áirítear toirmisc thobann ar iontráil nó sáinniú criú gan choinne de dheasca bearta coraintín, mura féidir coraintín a sheachaint le tástáil dhiúltach, cruthúnas téarnaimh nó cruthúnas vaicsínithe arna aithint ag an Aontas.

Beidh feidhm ag an mír seo don tréimhse ar lena linn a bheidh feidhm ag na srianta dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus ar feadh suas le 6 seachtaine breise, faoi réir an ***tríú agus*** an ceathrú ▌ fomhír. Mar sin féin, i gcás ina scoirfidh na srianta sin d’fheidhm a bheith acu tráth nach lú ná 6 seachtaine roimh dheireadh na tréimhse sceidealaithe, ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir leis an gcuid den tréimhse 6 seachtaine atá fágtha ach amháin i gcás ina n-úsáidfear na sliotáin don tréimhse sceidealaithe ina dhiaidh sin don bhealach céanna.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo ach amháin maidir le sliotáin a úsáidtear le haghaidh bealaí ar lena n-aghaidh a úsáideadh iad roimh fhoilsiú na srianta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Scoirfidh an mhír seo d’fheidhm a bheith aici nuair a dhéanfaidh an t-aeriompróir, agus na sliotáin i dtrácht á n-úsáid aige, an bealach nach ndéanann na srianta dá dtagraítear sa chéad fhomhír difear dó a athrú.

***Nuair a chuireann tromlach na mBallstát, a ionadaíonn do 50 % ar a laghad de dhaonra an Aontais, srianta i bhfeidhm da dtagraítear sa chéad fhomhír,***a bhfuil tionchar suntasach acu ar an bhféidearthacht taisteal nó ar an éileamh ar thaisteal agus as a leanann aon cheann de na cásanna dá dtagraítear i bpointí (a) go (c) den chéad fhomhír, maidir le gach comhordaitheoir, bunaithe ar chinneadh d'aon toil ó chomhordaitheoirí na n-aerfort uile go bhfuil údar maith i gcoitinne le neamhúsáid sliotán agus go bhfuil fógra tugtha don Choimisiún agus do na Ballstáit ina leith sin, féadfaidh siad an mhír seo a chur i bhfeidhm maidir leis na sliotáin uile atá ar seilbh ***ag na haerfoirt sin ar feadh ré na srianta atá i bhfeidhm agus ar feadh suas le sé seachtaine breise, ar choinníoll go ndéanfaidh na srianta sin difear do líon suntasach bealaí chuig aerfort Comhphobail nó uaidh, rud*** a d'fhágfadh aerthrácht san Aontas neamh-inmharthana den chuid is mó nó go mbeadh míchothroime iomaíochta ann mar thoradh air**.**.

***4b. I gcás ina mbeidh údar le neamhúsáid sliotáin de dheasca na srianta dá dtagraítear i mír 4 nó 4a, measfaidh na comhordaitheoirí gur oibríodh an sliotán laistigh den tsraith sliotán lena mbaineann.***

4c. Maidir le h***aer***iompróirí a gcuirtear bac ar a n-oibríochtaí le bearta sriantacha arna nglacadh de bhun ***Airteagal 29 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) nó*** Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena n-áirítear iad sin atá i bhfeidhm an... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] agus aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas agus a liostaítear in Iarscríbhinní A nó B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún*, ***ní bheidh siad i dteideal údar a agairt maidir le neamhúsáid sliotán faoi mhíreanna 4 ná 4a den Airteagal seo.***

***Mar sin féin, de mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás ina gceadófar d'aeriompróirí den sórt sin aerárthaí léasa fhliuch de chuid aeriomprópra a oibriú nach gcuireann bearta sriantacha den sórt sin bac ar a n-oibríochtaí agus nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar oibriú den sórt sin, féadfaidh siad údar a agairt maidir le neamhúsáid sliotán faoi mhíreanna 4 agus 4a, ar choinníoll go gcomhlíonfaí na rialacha sábháilteachta is infheidhme san Aontas***.

4d. Déanfaidh comhordaitheoirí dea-chleachtas a mhalartú go rialta maidir le cur chun feidhme mhíreanna 4 agus 4a agus é a bheith d'aidhm acu cur chun feidhme comhleanúnach comhsheasmhach a áirithiú ar fud an Aontais.

Foilseoidh comhordaitheoirí liosta na gceann scríbe a bhfuil feidhm ag míreanna 4 agus 4a maidir leo agus tabharfaidh siad cothrom le dáta go rialta é.

---

* Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 84, 23.3.2006, lch. 14).';

***(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:***

***'5. Arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, scrúdóidh an Coimisiún cur i bhfeidhm mhíreanna 4 agus 4a ag comhordaitheoir aerfoirt a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.';***

(4) Leasaítear Airteagal 10a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

‘Airteagal 10a

Sliotáin a leithroinnt mar fhreagairt ar ***ghéarchéimeanna áirithe***’;

(b) scriostar míreanna 1***, 2 agus*** 4;

***(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:***

***‘3. Le linn na tréimhse ón 30 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 25 Márta 2023 agus chun críocha Airteagal 8(2), Airteagal 10(2) agus (4), agus Airteagal 14(6), an chéad fhomhír, má léiríonn an t-aeriompróir sin go sásúil don chomhordaitheoir go ndearna sé an tsraith sliotán a leithroinneadhair a oibriú, de réir mar a rinne an comhordaitheoir é sin a imréiteach, ar feadh 75 % ar a laghad den am le linn na tréimhse sceidealaithe dár leithroinneadh í, beidh an t-aeriompróir sin i dteideal na sraithe céanna sliotán don chéad tréimhse sceidealaithe choibhéiseach eile.’;***

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. ***I gcás*** ina léirítear go soiléir sna sonraí a fhoilsíonn Eurocontrol gur thit aerthrácht seachtainiúil***, thar thréimhse dhá sheachtain i ndiaidh a chéile,,*** faoi bhun 80 % de leibhéil 2019 sna seachtainí comhfhreagracha, de dheasca ***ghéarchéim*** COVID-19, staideanna eipidéimeolaíocha eile nó mar éifeacht dhíreach ar ***chogadh*** foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus gur dócha, ar bhonn réamhaisnéisí aerthráchta Eurocontrol, go leanfaidh an laghdú ar leibhéal an aerthráchta i gcomparáid leis an leibhéal aerthráchta sa tréimhse chomhfhreagrach in 2019, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a chun na luachanna céatadáin a leagtar amach in Airteagail 8(2), 10(2) ***agus (4)*** agus Airteagal 14(6), an chéad fhomhír, laistigh de raon idir 0 % agus 70 % maidir le haon tréimhse sceidealaithe ***idir an 30 Deireadh Fómhair 2022 agus an 28 October 2023. Beidh an luach céatadáin a chuirfear i bhfeidhm comhréireach le leibhéal na réamhaisnéisí aerthráchta ó Eurocontrol.*** ▌

Agus na gníomhartha tarmligthe sin á nglacadh aige, tabharfaidh an Coimisiún aird ar gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

(a) sonraí arna foilsiú ag Eurocontrol maidir le leibhéil aerthráchta agus réamhaisnéisí aerthráchta;

(b) táscairí a bhaineann le héileamh ar aeriompar paisinéirí agus lastais, lena n-áirítear treochtaí maidir le réamháirithintí, sceidil bheartaithe na n-aerlínte, méid an fhlít, úsáid an fhlít, agus tosca ualaigh;

(c) bearta arna ndéanamh ag údaráis phoiblí atá nasctha le ***géarchéim COVID-19 nó*** le staid eipidéimeolaíoch ***eile*** a bhfuil éifeacht shuntasach orthu ar leibhéil aerthráchta go dtí aerfoirt an Aontais nó uathu, ar athródú éigeantach de dheasca dúnadh aerspáis nó toirmeasc ar aeriompróirí an Aontais dul isteach in aerspás tríú tír, agus comhairle ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ina Feasachán Faisnéise Crios Coinbhleachta á cur san áireamh;

(d) sonraí ón Lárionad Eorpach um Rialú Galar agus ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir le COVID-19 nó staid eipidéimeolaíoch eile arb é is saintréith dó a bheith an-tógálach agus ar dócha go spreagfaidís géarchor chun donais maidir le haerthaisteal.';

***I bhfianaise na sceideal a bheith á n-ullmhú ag aeriompróirí roimh an tréimhse sceidealaithe, féachfaidh an Coimisiún leis na gníomhartha tarmligthe sin a ghlacadh roimh thús na tréimhse sceidealaithe, chun ligean d'aeriompróirí a sceidil eitilte a phleanáil. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha den sórt sin a ghlacadh i rith na tréimhse sceidealaithe i gcás imthosca gan choinne.';***

(e) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘5a. ***I gcás*** ina gcinneann an Coimisiún, de dheasca scriosadh an bhonneagair agus an tionchar ar dhálaí maireachtála mar thoradh ar ***chogadh*** foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, go bhfuil gá le ráta úsáide níos ísle maidir le bealaí lena bhfreastalaítear ar an Úcráin chun aerthrácht idir an Úcráin agus an tAontas a athbhunú de réir a chéile, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a chun na luachanna céatadáin a leagtar amach in Airteagal 8(2), Airteagal 10(2) ***agus (4)*** agus Airteagal 14(6), an chéad fhomhír, a leasú laistigh de raon idir 0 % agus 70 % maidir le sliotáin a úsáidtear ar bhealaí chuig an Úcráin nó uaithi le haghaidh aon tréimhse sceidealaithe ***idir an 30 Deireadh Fómhair 2022 agus an 28 Deireadh Fómhair 2023***.

Agus na gníomhartha tarmligthe sin á nglacadh aige, tabharfaidh an Coimisiún aird ar na gnéithe seo a leanas:

(a) sonraí a fhoilsíonn Eurocontrol maidir le leibhéil aerthráchta agus réamhaisnéisí aerthráchta idir an tAontas agus an Úcráin;

(b) táscairí a bhaineann le héileamh ar aeriompar paisinéirí agus lastais, lena n-áirítear treochtaí maidir le réamháirithintí agus sceidil na n-aerlínte atá beartaithe;

(c) athródú éigeantach de dheasca dúnadh aerspáis nó toirmeasc ar aeriompróirí an Aontais dul isteach in aerspás tríú tír, agus comhairle i bhFeasachán Faisnéise Crios Coinbhleachta Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh á cur san áireamh.’;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6 agus 7:

‘6. I gcás, de thoradh tionchar fada a bheith ag géarchéim COVID-19, staideanna eipidéimeolaíocha eile nó éifeachtaí díreacha ***chogadh*** foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 12b maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

7. Le linn tréimhse ***i gcás ina mbeidh feidhm ag díolúine sliotán de réir*** mhír ***3,*** 5 ***nó 5a den Airteagal seo***, cuirfidh aeriompróirí aon sliotán nach bhfuil sé beartaithe acu a úsáid, tráth nach lú ná 3 seachtaine roimh dháta na hoibríochta beartaithe, ar fáil don chomhordaitheoir chun é a ath-leithroinnt ar aeriompróirí eile. ***Gan dochar d’Airteagal 10(4) agus (4a), i gcás*** ina mainníonn ar aeriompróir níos mó ná trí shliotán i sraith a chur ar fáil don chomhordaitheoir i gcomhréir leis an mír seo, ní bheidh an t-aeriompróir sin i dteideal na sraithe iomláine sliotán sa chéad tréimhse sceidealaithe choibhéiseach eile ach amháin más rud é go ndearna an t-iompróir an tsraith iomlán sliotán a oibriú ***nó go meastar an tsraith iomlán sliotán a bheith á n-oibriú ag an iompróir i gcomhréir le hAirteagal 10(4b),*** ar feadh 80 % den am ar a laghad, is cuma cé acu ar leasaíodh nó nár leasaíodh Airteagal 8(2) agus Airteagal 10(2) leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear san Airteagal seo.’;

***(5)	in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:***

***'1.	Gan dochar do chearta achomhairc faoin dlí náisiúnta, cuirfear gearáin maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7(2), Airteagail 8, 8a agus 10, Airteagal 10a(7), Airteagal 14(1) go (4) agus Airteagal 14(6) faoi bhráid an choiste comhordúcháin. Déanfaidh an coiste, laistigh de thréimhse míosa tar éis an gearán a bheith curtha faoina bhráid, an t-ábhar a bhreithniú agus, más féidir, cuirfidh sé moltaí chuig an gcomhordaitheoir ar mhaithe leis an bhfadhb a réiteach. Más rud é nach féidir an gearán a réiteach, féadfaidh an Ballstát atá freagrach as, laistigh de thréimhse dhá mhí bhreise, a shocrú go ndéanfaidh eagraíocht ionadaíoch aeriompróirí nó eagraíocht ionadaíoch aerfort nó tríú páirtí eile idirghabháil.';***

(6)	in Airteagal 12a, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

'2.	Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10a a thabhairt don Choimisiún go dtí an ***28 Deireadh Fómhair 2023***.';

(7) In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

*'6.* ***Gan dochar d'Airteagail 10(4) agus (4a), más rud é nach féidir le haeriompróir an ráta úsáide 80 % mar atá sainmhínithe in Airteagal 8(2) a bhaint amach, féadfaidh an comhordaitheoir a chinneadh an tsraith sliotán i dtrácht a tharraingt siar ón aeriompróir sin don chuid sin den tréimhse sceidealaithe atá fágtha agus na sliotáin a chur leis an gcomhthiomsú, tar éis dó éisteacht a thabhairt don aeriompróir lena mbaineann.***

***Gan dochar d'Airteagal 10(4) agus (4a), más rud é nár úsáideadh aon sliotán den tsraith sliotán sin tar éis tréimhse leithroinnte a fhreagraíonn do 20 % de thréimhse bhailíocht na sraithe, cuirfidh an comhordaitheoir an tsraith sliotán sin i dtrácht leis an gcomhthiomsú don tréimhse sceidealaithe atá fágtha, tar éis dó éisteacht a thabhairt don aeriompróir lena mbaineann.***

Le linn na tréimhse ***ón 30 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2023***, i gcás ina gcinneann comhordaitheoir, ar bhonn faisnéise atá ar fáil dó, go bhfuil deireadh curtha ag aeriompróir lena oibríochtaí ag aerfort agus nach bhfuil sé in ann na sliotáin a leithroinneadhair a oibriú, déanfaidh an comhordaitheoir an tsraith sliotán i dtrácht a tharraingt siar ón aeriompróir sin don chuid eile den tréimhse sceidealaithe agus cuirfidh sé leis an gcomhthiomsú iad, tar éis dó éisteacht a thabhairt don aeriompróir lena mbaineann.

Le linn na tréimhse ***ón 30 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2023***, i gcás ina gcinneann comhordaitheoir, ar bhonn faisnéise atá ar fáil dó, go bhfuil aeriompróir atá faoi réir na mbeart sriantach arna nglacadh de bhun ***Airteagal 29 CAE nó*** Airteagal 215 CFAE, lena n-áirítear iad siúd atá i bhfeidhm an ***…*** [***dáta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithigh*** seo], nó go bhfuil aeriompróir atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas agus a liostaítear in Iarscríbhinn A nó B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006, nach féidir leis sliotáin a oibriú ar feadh cuid shubstaintiúil den tréimhse sceidealaithe, déanfaidh an comhordaitheoir, tar éis dó éisteacht a thabhairt don aeriompróir lena mbaineann, an tsraith sliotán i dtrácht a tharraingt siar ón aeriompróir sin don chuid den tréimhse sceidealaithe atá fágtha agus cuirfidh sé an tsraith sliotán leis an gcomhthiomsú.

***Mar sin féin, i gcás ina bhfuil aeriompróir faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas agus ina liostaítear é in Iarscríbhinn A nó B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006, agus i gcás ina gceadaítear dó aerárthaí léasa fhliuch a oibriú, ar aerárthaí de chuid aeriompróra é nach gcuireann bearta sriantacha den sórt sin bac ar a gcuid oibríochtaí agus nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú den sórt sin, ní bheidh feidhm ag an gceathrú fomhír den mhír seo maidir le sliotáin an iompróra sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na rialacha sábháilteachta is infheidhme san Aontas.’.***

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |